Studied Poetry (Filiocht Roghnach)

Irish Past Exam Questions

Higher Level

2013

Paper Two - Section 1 - Question 3B

3B. Filíocht Roghnach

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.

(i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad é príomhthéama an dáin? Déan cur síos ar an gcaoi a gcuirtear an príomhthéama in iúl dúinn. (15 mharc)

(ii) Cad é an mothú is láidre sa dán, dar leat? Luaigh fáth **amháin** le do fhreagra. (6 mharc)

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol agus ar shaothar an fhile. (9 marc)

2012

Paper Two - Section 1 - Question 3B

3B Maidir le dán nua-aimseartha a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa,

(i) Déan plé gairid ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file as **dhá** ghné díobh seo a leanas:
(a) na híomhánna; (b) an t-atmaisféar; (c) an friotal. (14 marc)

(ii) Léirigh mar a chuaigh an dán i bhfeidhm ort. (6 marc)

(iii) Scríobh nóta gairid ar shaol agus ar shaothar an fhile a chum an dán a roghnaigh tú. (10 marc)

2010

Paper Two - Section 1 - Question 3B

(a) (i) Maidir le dán nua-aimseartha a chum **bean**, agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file as **dhá ghné** díobh seo a leanas: (a) na híomhánna; (b) na mothúcháin; (c) an friotal; (d) forbairt an téama. (12 mharc)

(ii) Luaigh an mothúchán is mó a mhúsclaíonn an dán **ionat** féin agus cuir **fáth amháin** le do rogha. (8 marc)

Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.

nó

(i) Maidir le dán nua-aimseartha a chum **fear**, agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar **an dá theicníocht** is éifeachtaí a úsáideann an file chun príomhthéama an dáin a fhorbairt. (12 mharc)

(ii) Déan plé gairid ar an gcaoi a ndeachaigh an dán seo i bhfeidhm ort féin. (8 marc)

Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.

(b) (i) Maidir le dán **nua-aimseartha** a chum **bean**, agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, déan plé gairid ar phríomhthéama an dáin agus ar an gcaoi a léirítear an príomhthéama sa dán. (15 mharc)

Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.

nó

(ii) Maidir le dán **nua-aimseartha** a chum **fear** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas,** déan plé gairid ar do rogha **dhá cheann** de na gnéithe seo: (a) cúlra an dáin; (b) dearcadh an fhile mar a léirítear sa dán é; (c) an mheadaracht; (d) an friotal. (15 mharc)

Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.

2009

Paper Two - Section 1 - Question 3B

(a) (i) Maidir le dán ón **seantraidisiún** a chum **fear**, agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé ar phríomhthéama an dáin agus ar an gcaoi a léirítear é. (12 mharc)

(ii) Luaigh an íomhá is mó a chuaigh i bhfeidhm ort sa dán agus mínigh do rogha. (8 marc)

Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.

nó

(i) "Is fearr a léirítear na codarsnachtaí **ná** na cosúlachtaí sa dán seo."

É sin a phlé maidir le dán **nua-aimseartha** a chum **bean**, agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa. (12 mharc)

(ii) Déan plé gairid ar an gcaoi a ndeachaigh an dán seo i bhfeidhm ort féin. (8 marc)

Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.

(b) Maidir le dán **nua-aimseartha** a chum **bean**, agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, déan plé gairid ar an gcaoi a léirítear na príomh-mhothúcháin ann. (15 mharc)

Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.

nó

Maidir le dán **nua-aimseartha** a chum **fear** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, déan cur síos gairid ar íomhá **amháin** a thaitin leat **agus** ar laige *nó* ar bhua **amháin** a bhain leis an dán. (15 mharc)

Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.

2008

Paper Two - Section 1 - Question 3B

(a) (i) Maidir le dán seanaimseartha a chum **fear**, agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé ar phríomhthéama an dáin agus ar an gcaoi a léirítear é. (12 mharc)

(ii) Luaigh an íomhá is mó a chuaigh i bhfeidhm ort sa dán agus mínigh do rogha. (8 marc)

[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.]

nó

(i) "Is fearr a léirítear na codarsnachtaí **ná** na cosúlachtaí sa dán seo."

É sin a phlé maidir le dán nua-aimseartha a chum **bean**, agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa. (12 mharc)

(ii) Déan plé gairid ar an gcaoi a ndeachaigh an dán seo i bhfeidhm ort féin. (8 marc)

[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.]

(b) Maidir le dán nua-aimseartha a chum **bean**, agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, déan plé gairid ar an gcaoi a léirítear na príomh-mhothúcháin ann. (15 mharc)

[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.]

nó

Maidir le dán nua-aimseartha a chum **fear** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, déan cur síos gairid ar íomhá **amháin** a thaitin leat **agus** ar laige *nó* ar bhua **amháin** a bhain leis an dán. (15 mharc)

[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.]

2007

Paper Two - Section 1 - Question 3B

(a) (i) Maidir le dán nua-aimseartha a chum **fear** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé ar an láimhseáil a dhéanann an file ar ghné amháin d'ábhar an dáin. (12 mharc)

(ii) Déan trácht ar théama amháin sa dán agus léirigh an chaoi a ndeachaigh sé i bhfeidhm ort féin. (8 marc)

[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.]

nó

(i) Maidir le dán nua-aimseartha a chum **bean** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar an mothúchán is láidre sa dán, dar leat, *agus* ar an gcaoi a léiríonn an file é. (12 mharc)

(ii) Scríobh nóta gearr ar cé chomh hoiriúnach is atá an teideal do théama an dáin, dar leat. Is leor dhá phointe. (8 marc)

[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.]

(b) Maidir le dán nua-aimseartha a chum **bean** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, déan trácht ar théama an dáin dar leat, agus ar an gcaoi a léiríonn an file an téama sin. (15 mharc)

[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.]

nó

Maidir le dán nua-aimseartha a chum **bean** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, déan plé ar an úsáid a bhaineann an file as **dhá** cheann díobh seo a leanas:

rithim na cainte; aidiachtaí; dathanna; fuaimeanna. (15 mharc)

[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.]

2006

Paper Two - Section 1 - Question 3B

(a) (i) Maidir le dán seanaimseartha a chum **fear**, agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, léirigh a éifeachtaí is a úsáideann an file gnéithe den dúlra chun an príomhthéama a chur os ár gcomhair. (12 mharc)

(ii) Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas agus dean plé ar an gcaoi a gcuireann sé le héifeacht an dáin mar aonad:

an friotal; an t-athrá; an t-atmaisféar. (8 mharc)

[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.]

nó

(i) Maidir le dán nua-aimseartha a chum **bean**, agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan trácht gairid ar an gcaoi a mbaineann an file úsáid as an áibhéil agus as an ngreann le príomhthéama an dáin a léiriú. (12 mharc)

(ii) Déan plé gairid ar **dhá** mhothúchán a músclaíodh ionat féin nuair a léigh tú an dán seo. (8 marc)

[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.]

(b) Maidir le dán nua-aimseartha a chum **fear**, agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, dean plé gairid ar an bpríomhthéama atá ann, dar leat, agus ar an gcaoi a ndéanann an file léiriú ar an téama sin. (15 mharc)

[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.]

nó

Maidir le dán nua-aimseartha a chum **fear**, agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, déan trácht **gairid** ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file, dar leat, as do rogha **dhá cheann** díobh seo a leanas:

na mothúcháin; na híomhánna; an chodarsnacht; an t-atmaisféar.

(15 mharc)

[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.]